Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023
(OR. en)**

**9618/23**

| | |
|---|---|
| **COPS 269** | **JAI 656** |
| **POLMIL 123** | **RELEX 639** |
| **CYBER 130** | **JAIEX 22** |
| **HYBRID 31** | **TELECOM 154** |
| **EUMC 230** | **IPCR 38** |
| **CIVCOM 144** | **PROCIV 35** |
| **COPEN 162** | **COTER 101** |
| **COSI 103** | **DISINFO 34** |
| **DATAPROTECT 146** | **CSC 252** |
| **IND 256** | **CSDP/PSDC 402** |
| **RECH 191** | **CFSP/PESC 748** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9124/23 COPS 224 POLMIL 104 CYBER 113 HYBRID 20 EUMC 210 CIVCOM 111 COPEN 138 COSI 86 DATAPROTECT 129 IND 232 RECH 173 JAI 574 RELEX 563 JAIEX 16 TELECOM 135 IPCR 31 PROCIV 25 COTER 86 DISINFO 28 CSC 216 CSDP/PSDC 349 CFSP/PESC 674 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint, arna bhformheas ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Bealtaine 2023.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint**

1. Ag tógáil di ar Chreat Beartais Cibearchosanta 2014, agus ar an nuashonrú a rinneadh air in 2018, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach uaillmhianach maidir le Beartas Cibearchosanta chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh inár bhfórsaí armtha nua-aimseartha idir-inoibritheacha, i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha, i gcumais chibearchosanta úrscothacha agus chun comhpháirtíochtaí a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna. Is réimse iomaíochta straitéisí é an cibearspás anois, tráth a bhítear ag brath níos mó ar theicneolaíochtaí digiteacha. Dá bhrí sin, is den ríthábhacht go gcoinneofar cibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán ar bun. Tá tionchar imeartha ag an úsáid a bhaintear as cibiroibríochtaí a chuir ar chumas na Rúise cogadh gan chúis gan údar a chur ar an Úcráin, rud a chuir isteach ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil ar fud an domhain, agus cuireann sé leis an méadú suntasach atá tagtha cheana féin ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha lasmuigh de chomhthéacs na coinbhleachta armtha le blianta beaga anuas.

2. Leis an gcogadh san Úcráin, cuireadh comhthéacs straitéiseach nua ar fáil agus dearbhaíodh gur gá don Aontas, dá Bhallstáit agus dá gcomhpháirtithe athléimneacht an Aontais a neartú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar chibearbhagairtí agus chun cur leis an gcibearshlándáil choiteann agus leis an gcibearchosaint i gcoinne iompraíocht mhailíseach agus gníomhartha foghacha sa chibearspás. Léirítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Beartas Cibearchosanta an Aontais go bhfuil rún daingean againn bearta láithreacha agus fadtéarmacha a dhéanamh chun saoirse gníomhaíochtaí sa chibearspás a áirithiú, agus chun freagairt a thabhairt ar ghníomhaithe bagartha atá ag iarraidh, i measc nithe eile, cur isteach ar chórais ghréasáin agus faisnéise an Aontais agus a chomhpháirtithe, nó iad a shuaitheadh nó a scriosadh. Lena gcomhlánaítear Straitéis Chibearshlándála an Aontais agus i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, is céim shuntasach í an Teachtaireacht Chomhpháirteach seo i dtreo chur chuige speictrim iomláin an Aontais maidir le hathléimneacht, freagairt, cosc coinbhleachtaí, comhar agus cobhsaíocht sa chibearspás. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis an gá atá le freagairtí iomchuí comhleanúnacha ón Aontas, óna Bhallstáit agus óna gcomhpháirtithe, agus tá sí ag tnúth freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte cur chun feidhme Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais mar chéim thábhachtach eile chun cinn ó thaobh fhorbairt sheasamh cibearshlándála an Aontais.

3. I ngeall ar na cibirionsaithe a rinneadh le déanaí i gcoinne bhonneagar criticiúil na hEorpa, timpeallacht cibearbhagairtí atá ag athrú go tapa agus luas tapa na forbartha teicneolaíche, cuireann an Chomhairle i dtábhacht go léirítear go bhfuil gá le comhordú agus comhar feabhsaithe sibhialta-míleata, agus é á chur i dtreis aici ag an am céanna nach bhfuil aon ordlathas ann idir na pobail shibhialtacha agus mhíleata.
Le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint, cuirtear ar chumas an Aontais agus na mBallstát a gcumas cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint ina gcoinne, agus úsáid iomchuí á baint as raon iomlán na roghanna cosanta atá ar fáil do na pobail shibhialtacha agus mhíleata ar mhaithe le slándáil agus cosaint níos leithne an Aontais, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

4. Cé gur ar gach Ballstát amháin atá an fhreagracht as an tslándáil náisiúnta, lena n-áirítear sa chibir-réimse, mar a tugadh ar aird in Airteagal 4(2) CAE, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir idir an dá linn gur gá infheistíocht a dhéanamh go haonarach agus go comhoibríoch in athléimneacht fheabhsaithe agus in imscaradh cumas cosanta cibearchosanta speictrim iomláin agus creataí comhair agus dreasachtaí airgeadais an Aontais a ghiaráil. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht an gá atá le gníomhaíochtaí na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (EUIBAnna) a neartú a thuilleadh chun an tAontas, ár saoránaigh, EUIBAnna agus misin agus oibríochtaí CBSC sa chibearspás a chosaint. Thairis sin, cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá athléimneacht an Aontais sa chibearspás trí chumais chibearchosanta a fhorbairt agus trí chomhar le héiceachóras príobháideach iontaofa a fheabhsú.

I. **Gníomhú le chéile ar mhaithe le cibearchosaint níos láidre**

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil próiseas incriminteach, trédhearcach agus cuimsitheach ríthábhachtach chun muinín a fheabhsú, rud atá ríthábhachtach chun creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a thuilleadh, a bheidh le déanamh i gcomhréir leis an Treochlár Bainistithe Cibirghéarchéime a forbraíodh sa Chomhairle. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint d'fheabhas a chur ar ár gcumas cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint ina gcoinne, trí fheasacht staide fheabhsaithe, fothú acmhainneachta, forbairt cumais, oiliúint, cleachtaí agus athléimneacht fheabhsaithe agus trí fhreagairt dhaingean a thabhairt ar chibirionsaithe i gcoinne an Aontais, a Bhallstát agus EUIBAnna, misin agus oibríochtaí CBSC agus leas á bhaint as na modhanna iomchuí go léir. Agus an méid sin á dhéanamh aici, molann an Chomhairle don Ardionadaí agus don Choimisiún an chastacht i réimse na gcibearghnóthaí a laghdú, dúbláil gan ghá a sheachaint, agus comhar agus sineirgí le tionscnaimh atá ann cheana a áirithiú. Ní mór an comhar agus an comhordú a neartú i measc na ngníomhaithe cibearchosanta laistigh den Aontas agus de chuid an Aontais agus na mBallstát, idir cibearphobail mhíleata agus shibhialtacha, agus idir éiceachóras poiblí agus éiceachóras príobháideach iontaofa. Moltar do na Ballstáit sásraí comhordúcháin náisiúnta sibhialta-míleata a fhiosrú agus a neartú a thuilleadh, comhroinnt faisnéise dheonach chomhchoiteann a éascú, ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt, rannchuidiú le caighdeáin idir-inoibritheacha a fhorbairt agus meastóireachtaí riosca agus cruthú cásanna féideartha a dhéanamh, chomh maith le freachnaimh chomhpháirteacha go háirithe ar an leibhéal Eorpach, agus lánurraim á tabhairt d'fhorálacha na Treorach maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (NIS2).

6. Ag aithint di na hiarrachtaí chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú a thuilleadh le NIS2 agus leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER), athdhearbhaíonn an Chomhairle a moladh maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú[1]. Iarrann sí go ndéanfaí bearta chun athléimneacht eintiteas criticiúil, bonneagair, táirgí agus seirbhísí digiteacha a fheabhsú a thuilleadh, agus ag an am céanna, tugann sí dá haire gurb é cur chun feidhme cuí NIS2 an chéim is tábhachtaí fós. Cé gur freagracht shibhialtach í den chuid is mó, cuireann sí sin le cibearchosaint níos láidre freisin. Sa chomhthéacs sin, moltar do EUIBAnna agus do na Ballstáit tacú le sásraí comhordúcháin nua agus sásraí comhordúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana, measúnuithe riosca, meastóireachtaí agus cásanna, comhroinnt faisnéise agus freachnaimh dheonacha chomhchoiteanna a fhorbairt agus a chur chun úsáide a thuilleadh, ar bhealach a chuirfidh le luach agus a sheachnóidh dúbláil gan ghá le tionscnaimh atá ann cheana.

7. Chun muinín a neartú a thuilleadh, comhar a chomhdhlúthú, agus comhroinnt thráthúil faisnéise a éascú maidir le cibirtheagmhais shuntasacha ar mhórscála a dhéanann difear do chórais chosanta, is díol sásaimh don Chomhairle an tionscnamh chun Comhdháil Cheannasaithe Cibearshlándála AE a fhorbairt a thuilleadh, rud a eagróidh gach Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus le rannpháirtíocht na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Molann an Chomhairle do na Ballstáit uile páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin. Chun athléimneacht an Aontais i gcoinne teagmhais chibearshlándála ar mhórscála a neartú, iarrann an Chomhairle ar Líonra an Aontais um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibir-ghéarchéimeanna (EU-CyCLONe) agus ar Chomhdháil Chibircheannasaithe an Aontais Eorpaigh bealaí féideartha a shainaithint le dul i gcomhar le chéile agus leas a bhaint as dearcadh comhpháirteach, idir mhíleata agus shibhialtach.

[1] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, COM/2022/551.

8. Chun freagairt níos láidre agus níos comhordaithe a chothú ar leibhéal an Aontais, is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh Líonra Oibríochtúil an Aontais d'Fhoirne Míleata Práinnfhreagartha Ríomhaire (MICNET) agus tá sí ag tnúth leis an gcumas oibríochtúil tosaigh a bhaint amach faoi lár 2024 chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise teicniúla maidir le cibirtheagmhais a dhéanann difear do chórais cosanta i measc na mBallstát rannpháirteach. Molann an Chomhairle do na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach in MICNET chun éifeachtacht an líonra a áirithiú. Thairis sin, iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó Líonra na bhFoirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRTanna), agus molann sí go láidir sásra éifeachtach comhair agus comhordaithe a chruthú idir an dá líonra ag am iomchuí, agus sásraí rialachais agus toghlaigh gach eintitis á n-urramú go hiomlán.

9. I bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha ó ghníomhaithe Stáit agus neamhstáit maidir le misin agus oibríochtaí CBSC an Aontais, iarrann an Chomhairle ar an Aontas agus ar na Ballstáit a gcumas a neartú chun misin agus oibríochtaí CBSC a chosaint agus a dhaingniú. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle na cuspóirí cosaint líonraí agus struchtúir mhíleata an Aontais a chur chun cinn a thuilleadh, i gcomhréir le Fís Mhíleata agus Straitéis Mhíleata an Aontais maidir leis an gCibearspás mar fhearann Oibríochtaí[2], i measc nithe eile.

[2] SEGS(2021) 706 REV4

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na conclúidí ón gComhairle ó mhí na Bealtaine 2022[3] agus an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh inár gcúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 42(7) CAE chomh maith leis an gclásal dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 222 CFAE. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhthuiscint an Aontais agus a Bhallstáit a dhoimhniú a thuilleadh maidir le cur chun feidhme Airteagal 42(7), lena n-áirítear i gcásanna casta a bhaineann le cibirionsaí, agus sin comhsheasmhach le prionsabail ábhartha an dlí idirnáisiúnta. Is díol sásaimh di go bhféadfadh an tAontas, ar iarraidh shainráite ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann, tacaíocht a thabhairt nuair a tharlaíonn cibirionsaí, gan dochar do chineál sonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis an dul chun cinn a rinneadh i dtionscadal PESCO maidir le Foirne Mearfhreagartha Cibirtheagmhas agus Cúnamh Frithpháirteach maidir le Cibearshlándáil (CRRTanna) agus a ullmhacht chun gníomhú arna iarraidh sin mar chumas do riachtanais na mBallstát agus an Aontais, chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC agus chun cúnamh a chur ar fáil do chomhpháirtithe an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle an fhorbairt bhreise a dhéanfar ar chumas PESCO CRRTanna, foirne náisiúnta cibearfhreagartha, agus, i gcás inarb iomchuí, cumais bhreise freagartha ar theagmhais, mar shampla, na Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha a bheidh ann amach anseo mar a bheartaítear sa Chompás Straitéiseach, lena n-áirítear trína gcomhordú agus a gcomhar a chothú ar leibhéal an Aontais.

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt, an 23 Bealtaine 2022, 9364/22.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle obair an Lárionaid Comhordúcháin um Earnáil na Cibearchosanta agus Faisnéise (CIDCC) de chuid thionscadal PESCO, arb é is aidhm dó cumas míleata a chur ar fáil chun faisnéis atá ábhartha do chibearthuiscint oibríochtúil chomhchoiteann a bhailiú agus a anailísiú. Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle an togra chun cruthúnas an choincheapa a chomhtháthú, má éiríonn leis mar lárionad comhordúcháin faisnéise, ó 2025 ar aghaidh, in Ionad Comhordúcháin Cibearchosanta an Aontais (EUCDCC), lena bhfeabhsófar an comhordú agus an fheasacht staide go háirithe ceannasaithe mhisin agus oibríochtaí CBSC an Aontais, chomh maith le hAiltireacht Cheannasaíochta agus Rialaithe an Aontais Eorpaigh ar bhonn níos leithne a neartú Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí coincheap agus treochlár a thíolacadh chun EUCDCC a bhunú, agus leas á bhaint as ceachtanna ó eintitis idirnáisiúnta chomhchosúla, na hacmhainní is gá á sainaithint, dúbláil gan ghá á seachaint agus comhlántacht le creat cibearshlándála an Aontais i gcoitinne á lorg.

13. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá comhar straitéiseach faisnéise maidir le cibearbhagairtí agus cibirghníomhaíochtaí, agus iarrann sí ar na Ballstáit, trína n-údaráis inniúla, leanúint de bheith ag rannchuidiú le hobair EU INTCEN, Stiúrthóireacht Faisnéise EUMS agus na mBallstát faoin Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC). Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a thábhachtaí atá sé ár n-acmhainneachtaí cibearfhaisnéise a neartú chun feabhas a chur ar ár gcibear-athléimneacht agus ar ár bhfreagairtí agus chun tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil dár misin agus d’oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC, chomh maith lenár bhfórsaí armtha agus acmhainneacht SIAC sa chibir-réimse, bunaithe ar rannchuidithe deonacha faisnéise ó na Ballstáit agus gan dochar dá n-inniúlachtaí.

14. Tugann an Chomhairle dá haire lárionad staide agus anailíse cibearchosanta an Choimisiúin Eorpaigh arb é is aidhm dó feasacht staide an Choimisiúin a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá sé comhar tairbheach frithpháirteach a bhunú idir an lárionad sin agus EUIBAnna eile, go háirithe ENISA agus CERT-EU. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé dlúthchomhar le líonraí comhair an Aontais a áirithiú agus feasacht staide á forbairt, chomh maith le rúndacht a urramú. Tugann an Chomhairle dá haire an gá atá leis an bhfeasacht choiteann staide a neartú ar leibhéal an Aontais agus le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chreat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais, agus aon dúbláil gan ghá ar iarrachtaí á seachaint ag an am céanna.

15. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil cibearoideachas, oiliúint agus cleachtaí bunriachtanach chun ullmhacht agus éifeachtacht a áirithiú agus is díol sásaimh di gníomhaíochtaí náisiúnta chomh maith leis na gníomhaíochtaí a chuireann an tAontas ar fáil tríd an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC), GEC, ENISA agus tionscadail leanúnacha PESCO, mar shampla, na Cónaidhmeanna Cibear-Raonta agus Acadamh agus Mol Nualaíochta an Aontais Eorpaigh um Earnáil na Cibearchosanta (CAIH). D’fhonn na hiarrachtaí sin a fheabhsú a thuilleadh, tá an Chomhairle ag tnúth le bunú chreat-tionscadal GEC darb ainm CyDef-X chun cleachtaí cibearchosanta a shioncrónú agus chun tacú leo. Molann an Chomhairle do GEC féachaint, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le SEGS, ar an gcaoi a bhféadfadh CyDef-X tacú a thuilleadh le freachnaimh amhail CYBER PHALANX, lena n-áirítear maidir le cúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 42(7) CAE agus clásal dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 222 CFAE, chomh maith leis an gCoimisiún agus ENISA maidir le freachnaimh shibhialtacha. Ina theannta sin, molann an Chomhairle go mbainfí úsáid as timpeallachtaí tástála agus cleachtaidh cibearchosanta atá ann cheana, ar nós Cónaidhmeanna Cibear-Raonta, agus go ndéanfaí tuilleadh forbartha orthu laistigh de CyDef-X. Chun próiseas cinnteoireachta solúbtha éifeachtúil a áirithiú i gcás cibirghéarchéime, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cleachtaí rialta boird a chur ar siúl le haghaidh leibhéal cinnteoireachta na mBallstát.

16. Tugann an Chomhairle dá haire an togra le haghaidh Gníomh um Chibeardhlúthpháirtíocht agus an rún feabhas a chur ar an gcumas bagairtí agus teagmhais chibearshlándála san Aontas a bhrath agus a fhreagairt. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach féidir le tograí sa réimse sin a bheith éifeachtach ach amháin má dhéantar iad a ailíniú le creataí agus riachtanais bainistithe géarchéime na mBallstát. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tástáil a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil le haghaidh leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, i gcás ina meastar sin a bheith tairbhiúil, mar inniúlacht náisiúnta, agus na measúnuithe riosca de chuid an Aontais atá ar fáil á gcur san áireamh.

17. Tugann an Chomhairle dá haire an togra ón gCoimisiún maidir le Sásra Cibiréigeandála a bhunú, lena bhféadfaí tacú le soláthraithe príobháideacha iontaofa seirbhísí cibearshlándála a chur ar fáil chun cuidiú le Ballstáit, arna iarraidh sin, i gcás teagmhais chibearshlándála ar mórscála, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá le tionscal cibearshlándála Eorpach a mhéadú le tacaíocht ó ECCC mar cholún bunriachtanach chun go mbeidh an sásra sin oibríochtúil. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag gach Ballstát maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar a riachtanais náisiúnta.

## II. **Éiceachóras cosanta an Aontais a dhaingniú**

18. Meabhraítear don Chomhairle gur mhol sí do na Ballstáit a gcumais féin a fhorbairt a thuilleadh chun oibríochtaí cibearchosanta a dhéanamh, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, bearta cosanta réamhghníomhacha chun cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint ina gcoinne. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag NIS2 maidir le heintitis riaracháin phoiblí a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i réimse na cosanta, iarrann an Chomhairle ar GEC, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó SEGS de réir mar is iomchuí, cuidiú le Ballstáit moltaí deonacha nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt, arna spreagadh ag NIS2, chun an chibearshlándáil sa chomhphobal cosanta a mhéadú, agus iarrann sí ar na Ballstáit uile páirt ghníomhach a ghlacadh san iarracht sin. Ba cheart aird a thabhairt leis na moltaí sin ar iarrachtaí comhchosúla a dhéantar i gcreataí eile.

19. Mar a aithníodh sa Chompás Straitéiseach, braitheann acmhainneacht gníomhaíochta an Aontais ar a chumas a spleáchais straitéiseacha a laghdú ar fud a chumas cibearchosanta agus a shlabhraí soláthair, chomh maith le teicneolaíochtaí cibearshlándála ceannródaíocha a fhorbairt agus máistreacht a fháil orthu. Áirítear leis sin bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB), chomh maith lena chumas comhoibriú le comhpháirtithe ar fud an domhain atá ar aon intinn leis an Aontas, a neartú ar bhonn cómhalartach chun sochair fhrithpháirteacha a áirithiú. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar thionscail na cibearshlándála agus na cibearchosanta comhoibriú go dlúth le chéile chun sineirgí a chruthú d'fhonn cumais chibearchosanta speictrim iomláin a fhorbairt agus a sheachadadh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar le ECCC, i gcás inarb iomchuí, tacú a thuilleadh le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch cibearchosanta Eorpaí a fhorbairt, bonn a bheidh láidir, solúbtha, iomaíoch ar an leibhéal domhanda agus nuálach, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí bhíthin infheistíochtaí breise agus gníomhaíochtaí beartais.

20. I bhfianaise a thábhachtaí atá idir-inoibritheacht agus comhchoitinneacht na gcumas cibearchosanta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cumais chibearchosanta na chéad ghlúine eile a fhorbairt ar bhonn comhoibríoch, iarrann an Chomhairle ar GEC agus ar Fhoireann Mhíleata an Aontais obair a dhéanamh ar shraith ceanglas idir-inoibritheachta cibearchosanta ar leibhéal an Aontais a chuirfeadh leis na prionsabail, na próisis agus na caighdeáin atá ann cheana, agus a bheadh comhoiriúnach leo, arna mbunú go háirithe faoi chuimsiú Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT). Anuas air sin, iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit féachaint, faoi chuimsiú an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú Cosanta, an bhféadfadh gá a bheith le caighdeáin dheonacha shonracha maidir le córais chosanta, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus ECAT de réir mar is iomchuí.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí an Choimisiúin plean a thíolacadh chun úsáid na gcaighdeán atá ann cheana a chur chun cinn le haghaidh na cibearshlándála sibhialta agus na cibearchosanta, agus chun caighdeáin nua dheonacha a fhorbairt. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le caighdeáin chibearshlándála agus chibearchosanta a ailíniú, i gcás inarb iomchuí. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh na caighdeáin dheonacha sin a bheith úsáideach do thionscail chibearshlándála agus chibearchosanta an Aontais agus molann sí go mbeadh comhar níos dlúithe ann idir comhlachtaí sibhialta agus comhlachtaí um chaighdeánú cosanta.

22. Iarrann an Chomhairle go bhforbrófar go pras moltaí a bheidh bunaithe ar an mapáil arna déanamh ag an gCoimisiún agus na hinstitiúidí ábhartha ar na huirlisí atá ann cheana le haghaidh cumarsáid shlán sa chibir-réimse. I gcás inar féidir, ba cheart na moltaí a ailíniú le tionscnaimh atá ann cheana maidir le comhroinnt faisnéise agus ba cheart na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha i dtaobh na modhanna criptiúcháin reatha a chur san áireamh freisin.

23. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle an obair thosaigh a rinneadh ar an measúnú riosca agus ar na cásanna riosca atá á bhforbairt ag an gCoimisiún, ag an Ardionadaí agus ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise i ndáil, ar an gcéad dul síos, le hearnálacha an fhuinnimh agus na teileachumarsáide, arna iarraidh sin don Chomhairle. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil measúnuithe spriocdhírithe riosca cibearshlándála á n-ullmhú freisin le haghaidh bonneagar agus líonraí cumarsáide san Aontas. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh comhthuiscint ann idir na Ballstáit, chomh maith le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag cibirtheagmhais. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe thuasluaite a áirithiú go gcuirfear na measúnuithe riosca, na cásanna riosca agus na moltaí a eascróidh astu san áireamh nuair a bheidh bearta agus tacaíocht á sainiú agus á gcur in ord tosaíochta, ar leibhéal an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal náisiúnta. Thairis sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfadh na gníomhaithe ábhartha uile na cásanna riosca a mheas i bpróisis measúnaithe riosca agus nuair a bheidh cibirchleachtaí á bhforbairt.

## III. Infheistíocht a dhéanamh i gcumais chibearchosanta

24. Molann an Chomhairle do na Ballstáit a gcuid infheistíochtaí a mhéadú chun cumais chibearchosanta idir-inoibritheacha a thógáil, a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh. Tacaíonn an Chomhairle le sraith gealltanas deonach a fhorbairt chun cumais náisiúnta chibearchosanta a fhorbairt a thuilleadh, agus aird á tabhairt ar iarrachtaí comhchosúla arna ndéanamh i gcreataí eile.

25. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar GEC leas a bhaint as an deis a bhaineann leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Cumas chun ardleibhéal uaillmhéine a leagan síos maidir leis an gcibearchosaint chomhoibríoch a fhorbairt ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, molann an Chomhairle do na Ballstáit tógáil ar an tacar nuashonraithe tosaíochtaí agus ar a ngealltanais PESCO maidir le méadú a dhéanamh ar a leibhéal rannpháirtíochta i dtionscadail chomhoibríocha forbartha cumas i ndáil le cibearchosaint an Aontais, agus aitheantas á thabhairt don tairbhe dhíreach a bhaineann le tionscadail chomhoibríocha ar leibhéal an Aontais chun tacú le forbairt cumas cibearchosanta náisiúnta.

26. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí comhoibríocha taighde ar leibhéal an Aontais chun fiosrú a dhéanamh ar na bealaí a d'fhéadfaí teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha a úsáid i gcórais a bhaineann le cosaint, agus tugann sí dá haire freisin nach mór a áirithiú go ndéanfar na forbairtí teicneolaíocha sin a ionchorprú go tapa sna cumais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus do thionscal an Aontais an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna taighde comhoibríocha ar leibhéal an Aontais, mar shampla Creat GEC, tionscadail leanúnacha PESCO ar nós Acadamh agus Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh um Earnáil na Cibearchosanta (CAIH), an Ciste Eorpach Cosanta agus, i gcás inarb ábhartha, an clár Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh tionscadail dé-úsáide. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle giaráil na gcreataí tiomnaithe chun tacú leis an nuálaíocht i réimse na cosanta trí leas a bhaint as táirgí altrama ón réimse sibhialtach, go háirithe Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais agus an Mol Nuálaíochta Cosanta Eorpach. Thairis sin, molann an Chomhairle don Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC) agus GEC socrúchán oibre a fhorbairt chun comhroinnt faisnéise a éascú i measc na bhfoirne faoi seach maidir le tosaíochtaí teicneolaíochta sibhialta, dé-úsáide agus cosanta faoi seach, d'fhonn sineirgí a chruthú agus dúbláil a sheachaint.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún treochlár teicneolaíochta a fhorbairt le haghaidh cibirtheicneolaíochtaí criticiúla i gcomhar le GEC agus ECCC i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, le Ballstáit agus i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, mar shampla an earnáil tionsclaíochta, ar treochlár é a dhéanann cibirtheicneolaíochtaí criticiúla a shainaithint agus forbairtí teicneolaíochta agus spleáchais straitéiseacha a mhapáil, agus a chuireann bealaí ar fáil ar an gcaoi sin chun na spleáchais sin a laghdú, mar thaca le huathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. Tugann an Chomhairle dá haire go bhféadfadh an treochlár teicneolaíochta le haghaidh cibirtheicneolaíochtaí criticiúla a bheith mar bhonn eolais do thosaíochtaí straitéiseacha ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus go bhféadfadh sé a bheith i gcomhréir leis na módúlachtaí faoi seach atá i bhfeidhm i ndáil leis na hionstraimí sin ag an am céanna. Meabhraítear don Chomhairle gur cheart don Aontas beartas tionsclaíoch Eorpach uaillmhianach teanntásach a shaothrú chun timpeallacht ghnó inbhuanaithe tharraingteach iomaíoch a chruthú, lena bhféadfadh eintitis Eorpacha sa chibir-réimse méadú freisin.

28. Is mór ag an gComhairle an rún atá ann aghaidh a thabhairt ar an mbearna shuntasach scileanna cibearshlándála trí ghairmithe nua a mhealladh, lena n-áirítear mná, trí uas-sciliú agus athsciliú agus trí infheistiú in oiliúint agus i gcleachtaí agus iad sin a eagrú chun lucht saothair éagsúil cuimsitheach a thógáil sa chibir-réimse. Ag aithint di na dúshláin atá roimh an Aontas maidir le caipiteal daonna i réimsí na cibearshlándála agus na cibearchosanta, is díol sásaimh don Chomhairle tionscnamh an Acadaimh Scileanna Cibearshlándála, a d'fhéadfadh dul chun tairbhe don lucht saothair cibearchosanta freisin.

29. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit faisnéis a mhalartú maidir le dea-chleachtais chun gairmithe oilte cibearshlándála a fhorbairt, agus na sineirgí idir tionscnaimh mhíleata, shibhialta agus forfheidhmithe dlí á ngiaráil, agus iarrann sí ar an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, le tacaíocht agus saineolas ó GEC agus ENISA, roghanna a mheas chun feabhas a chur ar mhalartú dea-chleachtas agus ar shineirgí breise idir na réimsí míleata agus sibhialta maidir le hoiliúint agus forbairt scileanna cosanta cibearshonracha.

30. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá comhthuiscint ar chomhdhéanamh an lucht saothair cibearshlándála agus ar na scileanna gaolmhara chun na bearnaí i margadh saothair na cibearshlándála a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus leagann sí béim ar an ngá atá leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear na Ballstáit agus an earnáil tionsclaíochta, a rannpháirtiú. Aithníonn an Chomhairle go gcabhródh táscairí, arna mbunú chun faireachán a dhéanamh ar an margadh saothair cibearshlándála, le riachtanais scileanna cibearshlándála agus cistí díreacha a shainaithint go leordhóthanach, agus go rannchuideodh siad le hoibleagáidí a bhaineann le beartas a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd a eascraíonn as NIS2. Is díol sásaimh don Chomhairle an togra le haghaidh creat deimhniúcháin scileanna cibearchosanta agus iarrann sí ar an Ardionadaí, ina cháil mar Cheann an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint, an méid sin a fhorbairt, i gcomhar le SEGS, leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, trí thionscnaimh shibhialtacha a ghiaráil.

## IV. **Dul i gcomhpháirtíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna**

31. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an comhar a neartú agus a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí saincheaptha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a fhiosrú, lena n-áirítear maidir le fothú acmhainneachta cibearchosanta tríd an tSaoráid Eorpach Síochána. Chuige sin, ba cheart an chibearchosaint a chur mar mhír le hidirphlé agus comhairliúcháin an Aontais maidir le cibearchúrsaí, agus leis na comhairliúcháin fhoriomlána slándála agus cosanta le comhpháirtithe. Ina theannta sin, ba cheart an t-idirphlé agus an comhar leis an earnáil phríobháideach a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go mbeadh an comhar idirnáisiúnta maidir le caighdeáin chibearshlándála agus deimhniú cibearshlándála ina bhreisluach do thionscal na hEorpa. Dá bhrí sin, is díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin an méid sin a dhéanamh mar chuid bhunriachtanach d'idirphlé an Aontais le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le cibearghnóthaí.

32. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta chun rioscaí coinbhleachta sa chibearspás a chosc nó a laghdú, go háirithe trí bhearta forbartha muiníne (CBManna) a fhorbairt agus a oibriúchtú a thuilleadh ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, agus trí úsáid na gcibear-CBManna atá ann cheana a spreagadh a thuilleadh, mar shampla an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), lena n-áirítear tráth teannais idirnáisiúnta.
Cuireann an tAontas agus na Ballstáit i bhfios go láidir go bhfuil feidhm ag an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana sa chibearspás agus leagann siad béim ar a thábhachtaí atá na hiarrachtaí leanúnacha chun seasamh le Creat na Náisiún Aontaithe maidir le stát-iompar freagrach, é a chur chun cinn agus oibriú i dtreo a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí bhunú an Chláir Gníomhaíochta maidir le stát-iompar freagrach sa chibearspás a chur chun cinn.

33. I gcomhréir leis na Dearbhuithe Comhpháirteacha maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ina cháil freisin mar Cheann GEC, agus ar an gCoimisiún an chomhpháirtíocht le ECAT sa chibir-réimse a neartú, a dhoimhniú agus a leathnú a thuilleadh, agus lánurraim á léiriú do phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta, na hoscailteachta frithpháirtí agus na trédhearcachta, chomh maith le huathriail chinnteoireachta an dá eagraíocht. Agus aird á tabhairt ar an ngá atá le hiarrachtaí comhlántacha comhordaithe a áirithiú ina mbeidh na Ballstáit nach cuid de ECAT iad rannpháirteach a mhéid is féidir, agus le dúbailtí gan ghá a sheachaint, iarrann an Chomhairle go mbunófaí naisc ar na leibhéil ábhartha idir an tAontas agus ECAT maidir le hoiliúint, oideachas, feasacht staide, freachnaimh agus ardáin T&F, agus go lorgófaí sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na gealltanais dheonacha faoi seach chun na cumais náisiúnta chibearchosanta agus na creataí bainistithe géarchéime a fhorbairt, bonneagar criticiúil a chosaint, agus feabhas a chur ar mhalartuithe feasachta staide, freagairtí comhordaithe ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha chomh maith le hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta i dtríú tíortha. Áirítear leis sin an Socrú Teicniúil idir Cumas Freagartha Teagmhas Ríomhairí ECAT (NCIRC) agus Foireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire an Aontais (CERT-EU) chomh maith le hidirphlé polaitiúil feabhsaithe maidir le saincheisteanna cibearchosanta ar gach leibhéal.

## V. **Conclúid**

34. Ag tógáil ar na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún plean cur chun feidhme a fhorbairt maidir leis an mbeartas faoin dara ráithe de 2023, plean a bheidh le formheas ag na Ballstáit. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Ballstáit a n-uaillmhian agus a ngníomhaíochtaí a chur in iúl go deonach i ndáil leis an gcibearchosaint i gcomhthéacs Bheartas Cibearchosanta an Aontais agus leas iomlán a bhaint as moltaí agus as gealltanais dheonacha nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí chun dlús a chur lena n-iarrachtaí cibearchosanta darb aidhm an tionchar is mó is féidir a imirt ar leibhéal an Aontais. Iarrtar ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuairisciú agus plé a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme ghnéithe na Teachtaireachta Comhpháirtí agus an phlean cur chun feidhme a ghabhann léi, agus tús a chur leis an méid sin faoin dara ráithe de 2024.